CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 111/23
Lucsamburg, 22 Meitheamh 2023

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-281/22 | G. K. agus páirtithe eile (OIPE)

# Imscrúduithe trasteorann arna ndéanamh ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE): Molann an tAbhcóide Ginearálta Ćapeta don Chúirt a rialú gur cheart athbhreithniú breithiúnach i mBallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta a bheith teoranta do cheisteanna nós imeachta

*Is córas ardfhorbartha aitheantais fhrithpháirtigh é OIPE le coimircí leabaithe lena ráthaítear cosaint na gceart bunúsach*

Tá cumhachtaí ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Sa chás seo, iarrtar ar an gCúirt, den chéad uair, an ionstraim dlí lena mbunaítear an Oifig sin agus lena leagtar síos na rialacha maidir lena feidhmiú, eadhon Rialachán OIPE, a léiriú.

Sa chás seo, cuirtear i leith roinnt daoine nádúrtha agus dlítheanacha go bhfuil córas leathan curtha ar bun acu chun bithdhíosal a iompórtáil ón mBoisnia agus an Heirseagaivéin chuig an Aontas, a mhaígh siad a táirgeadh as ola chócaireachta úsáidte. Líomhnaítear gur allmhairíodh an "ola chócaireachta úsáidte" sin ó na Stáit Aontaithe go dtí an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin roimhe seo. Tá amhras ann, áfach, gur táirgeadh an bithdhíosal sin sna Stáit Aontaithe cheana féin gan aon chéimeanna idirmheánacha próiseála ná táirgthe sa Bhoisnia agus Heirseagaivéin. Tá OIPE, trína Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach láimhseála (sa Ghearmáin), i mbun réamh-imscrúduithe maidir leis na dearbhuithe bréagacha líomhnaithe sin, a fhágann go gcailltear ioncam de thart ar EUR 1 295 000. Is leas airgeadais de chuid an Aontais é an caillteanas líomhnaithe sin agus, dá bhrí sin, tagann sé faoi dhlínse OIPE.

Cé go bhfuil an príomh-imscrúdú ar siúl sa Ghearmáin, mheas OIPE gur gá tabhairt faoi imscrúdú trasteorann san Ostair. Dá réir sin, rinne an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach (Gearmánach) láimhseála cuardach agus urghabháil mhaoin an chúisí a shannadh d'Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach cúnta (san Ostair).

Faoi dhlí na hOstaire, áfach, teastaíonn údarú breithiúnach roimh ré le haghaidh beart imscrúdaitheach den sórt sin. Dá bhrí sin, fuair an tIonchúisitheoir Tarmligthe Eorpach cúnta barántais bhreithiúnacha chun doiciméid agus crua-earraí a d'fhéadfadh a bheith ionchoiritheach a chuardach agus a urghabháil.

An 1 Nollaig 2021, chomhdaigh an cúisí, os comhair Ard-Chúirt Réigiúnach Vín (an Ostair), achomhairc i gcoinne na mbarántas cuardaigh a cheadaigh ceithre chúirt Ostaracha. Áitíonn siad nach raibh na

bearta cuardaigh agus urghabhála a údaraíodh riachtanach ná comhréireach.

Tá cinneadh déanta ag an Ard-Chúirt Réigiúnach ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, chun a fháil amach an bhfuil sí údaraithe athbhreithniú iomlán a dhéanamh (mar a dhéanfadh sí i gcás intíre amháin), nó, ar cheart a hathbhreithniú a theorannú do cheisteanna nós imeachta a bhaineann le forghníomhú na mbeart imscrúdaithe trasteorann atá i gceist.

Ina Tuairim inniu, tar éis measúnú a dhéanamh ar na roghanna léiritheacha atá ar fáil don Chúirt, agus éifeachtúlacht OIPE chomh maith le cosaint na gceart bunúsach á gcur san áireamh, molann an tAbhcóide Ginearálta Tamara Ćapeta don Chúirt rialú a dhéanamh mar a leanas: **ba cheart a thuiscint le Rialachán OIPE nach gceadaítear do chúirt an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta (in casu san Ostair) athbhreithniú a dhéanamh ach ar na gnéithe a bhaineann le beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú, agus glacadh leis an measúnú ón Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach láimhseála (in casu sa Ghearmáin) go bhfuil bonn cirt leis an mbeart.**

Ar an gcéad dul síos, tugann an tAbhcóide Ginearálta dá haire nach ndéanann Rialachán OIPE nósanna imeachta OIPE a rialáil ach go páirteach. Rud tábhachtach, níl aon rud ann maidir leis an ngá atá le réamhúdarú breithiúnach le haghaidh bearta imscrúdaithe trasteorann; fágtar sin faoi dhlíthe coiriúla na mBallstát.

Cuireann sí le fios go láidir freisin go raibh sé beartaithe go mbeadh OIPE ina shásra éifeachtúil sa chomhrac i gcoinne coireanna a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais, lena n-áirítear imscrúduithe trasteorann.

D'fhágfadh athbhreithniú breithiúnach iomlán i mBallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta go mbeadh imscrúduithe trasteorann OIPE ina gcóras nach mbeadh chomh héifeachtúil agus a beartaíodh. Maidir le leithroinnt cúraimí a bhaineann le húdarú breithiúnach, trína bhféadfaidh an chúirt i mBallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta gan athbhreithniú a dhéanamh ach ar na gnéithe a bhaineann le beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú, níl sin contrártha d'fhoclaíocht Rialachán OIPE agus freagraíonn sí níos fearr dá chuspóir córas éifeachtúil a chruthú sa chomhrac i gcoinne coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Dar leis an Abhcóide Ginearálta, cosnaíonn réiteach den sórt sin, a eascraíonn as OIPE a bheith ina ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh níos forbartha, cearta bunúsacha daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imscrúduithe trasteorann, go háirithe ó thaobh chóras níos leithne Rialachán OIPE de.

Go sonrach, tá coimircí éagsúla i Rialachán OIPE lena ráthaítear cosaint na gceart bunúsach. Is iad sin, mar shampla, an sásra cumarsáide idir Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha láimhseála agus cúnta nuair a shanntar beart imscrúdaithe trasteorann; liosta nithiúil de chearta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe i nósanna imeachta OIPE; agus oibleagáid na mBallstát leigheasanna breithiúnacha a sholáthar i gcoinne ghníomhartha nós imeachta OIPE.

Dá bhrí sin, trína cheadú do chúirt Bhallstát an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh chúnta athbhreithniú a dhéanamh, ach ar na gnéithe a bhaineann le beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú amháin, áirithítear go ndéanann OIPE a chúraimí go héifeachtúil, agus nach gcuireann sé cosaint na gceart bunúsach i mbaol.

**NÓTA:** Níl tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Is é ról na nAbhcóidí

Ginearálta réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt, go hiomlán neamhspleách, ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Tá Breithiúna na Cúirte anois ag cur tús lena bplé sa chás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

**NÓTA:** Le tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus do bhinsí na mBallstát, i ndíospóidí a tugadh os a gcomhair, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó faoin mbinse náisiúnta atá sé an cás a réiteach i gcomhréir le cinneadh na Cúirte, atá ina cheangal ar an gcaoi chéanna ar chúirteanna nó binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán na Tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.

Teagmháil leis an bpreas: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355

**Bígí nasctha!**